



ACMHAINN 7

SCÉALTA ÍOSPARTAIGH AN NAÍSHAOTHAIR

FOIREANN 1

1. Thosaigh [John Allett](#) ag oibriú i monarcha teicstíle nuair a bhí sé 14 bliana d'aois. Bhí Allett 53 bliana d'aois nuair a d'agail Michael Sandler agus a Choiste den House of Commons é an 21 Bealtaine 1832.

Ceist: An ndéarfadh tú an bhfuil na huairéanta oibre tar éis méadú?

Freagra: Nuair a chuas ar dtús go monarchana, bhíos ag obair thart ar aon uair an chloig déag sa ló, ach tá sé seo méadaithe go cúig, sé, agus uairéanta go dtí ocht n-uair an chloig déag. Chím mo pháistí féin bríomhar go maith; ach i dtreo dheireadh na seachtaine, téann siad i gcorthacht.

Ceist: An mbíonn siad beagnach de shíor ar a gcosa?

Freagra: I gcónaí. Ní fhaigheann siad sos ar bith.

Ceist: An rabhadar róchodlatach?

Freagra: An-chodlatach. San iarnóin dúirt mo gharsún ab óige, 'A athair, cad a chlog é?' Dúirt b'fhéidir, 'Tá sé a seacht a chlog.' 'Ó! 'Bhfuil sé dhá uair an chloig chun a naoi a chlog?' Ní féidir liom é a sheasamh; Mheasas gurbh fhearr liom go bhfaighidís bás den ocras, ná a bheith úsáidte ar an modh sin. Chuala é ag éamh, agus é ag druidim leis an doras, 'A mháthair, 'bhfuil mo shuipéar réidh?' agus chonac é, nuair a tógadh de mo dhroim é, titim ina chodladh sula bhféadfadh sé é a ithe.

Ceist: Cathain a chuaigh an páiste sin chun an mhuilinn ar dtús?

Freagra: Idir sé agus seacht mbliana d'aois.

Ceist: An dtarlaíonn breis tionóiscí ag deireadh an lae?

Freagra: B'eol dom níos mó tionóiscí ag tús an lae ná ag an deireadh. Finné súl ab ea mé de cheann amháin. Bhí an ollann á hoibriú ag leanbh, 'sé sin, á hullmhú i gcomhair an mheaisín; ach rug an strapa air, ó bhí sé dúisithe ar éigean, agus sciobadh isteach san innealra é; agus fuaireamar géag amháin in áit amháin, ceann i mball eile agus deineadh sceanach air; chuaigh a chorp ar fad isteach, agus coscraíodh é.



ÁRAS STAIR NA HEORPA

2. Saolaíodh [Elizabeth Bentley](#) in Leeds i 1809. Thosaigh sí ag obair i muileann lín ag sé bliana d'aois. An 4 Meitheamh 1832 d'agail Michael Sandler agus a Choiste den House of Commons Elizabeth. D'inis sí conas a dhein obair sa seomra cárta damáiste tromchúiseach dá sláinte: 'Bhí sé chomh deannachúil sin, chuaigh an deannach i mo scamhóga, agus bhí an obair chomh crua sin. Chuaigh mo shláinte chomh mór sin in olcas ná nuair a tharraingíós na ciseáin anuas gur chuireas mo chnámha as alt'. Mhínigh sí go raibh sí 'míchumtha go mór' anois. Lean sí uirthi: 'Bhíos timpeall trí bliana déag d'aois nuair a thosaigh sé, agus tá sé dulta in olcas ó shin'.

Ceist: Cén tráthchlár oibre a bhí agat?

Freagra: Mar leanbh d'oibríós óna cúig ar maidin go naoi san oíche.

Ceist: Cén t-am a lamháladh do bhéilí?

Freagra: Lamháladh daichead neomat dúinn ag meánlae.

Ceist: 'Raibh aon am agat chun bricfeasta nó deoch a fháil?

Freagra: Ní raibh, chaitheamar é mar a d'fhéadfaimis

Ceist: An raibh am agat chun é a ithe?

Freagra: Ní raibh; b'éigean dúinn é a fhágáil nó a thabhairt abhaile, agus nuair nach thugamar linn é, sciob an maoirseoir é agus thug é do na muca.

Ceist: Abair gur lagaís beagán, nó go rabhais déanach, cad a dhéanfaidís?

Freagra: Léasfaidís sinn.

Ceist: Cén obair a dheinis?

Freagra: Olann a mheá sa seomra cárta.

Ceist: Cén fad a d'oibrís ann?

Freagra: Ó leathuair tar éis a cúig, go hocht san oíche.

Ceist: Conas atá an seomra cárta?

Freagra: Deannachúil. Ní féidir linn sinn féin a fheiceáil toisc an deannaigh.

Ceist: Ar chuir obair sa seomra cárta ar do shláinte?

Freagra: Chuir; bhí sé chomh deannachúil sin, chuaigh an deannach i mo scamhóga, agus bhí an obair chomh crua sin. Chuaigh mo shláinte chomh mór sin in olcas ná nuair a tharraingíós na ciseáin anuas gur chuireas mo chnámha as alt.

Ceist: 'Bhfuil tú míchumtha go mór go fisiciúil de dheasca an tsaothair seo?

Freagra: Táim.

Ceist: Cathain a thosaigh sé?

Freagra: Bhíos timpeall trí bliana déag d'aois nuair a thosaigh sé, agus tá sé dulta in olcas ó shin. Nuair a d'éag mo mháthair b'éigean dom aire a thabhairt dom féin.

Ceist: Cá bhfuil tú anois?

Freagra: I dtigh na mbocht.

Ceist: Níl tú ábalta oibriú sna monarchana in aon chor?

Freagra: Nílim.

Ceist: Bhís toiliúil oibriú fad a bhís ábalta, ó luathaois?

Freagra: Bhí mé.

Ceist: Agus thacaís le do mháthair i mbaintreachas fad a d'fhéadfá?

Freagra: Thacaigh.



FOIREANN 2

1. Saolaíodh [John Birley](#) in Bethnal Green, Londain, i 1805. D'éag a athair nuair a bhí sé dhá bhliain d'aois. D'éirigh a mháthair breoite agus i 1810 cuireadh é féin agus a dheirfiúr go Tigh na mBocht, Bethnal Green. Thrácht Birley níos déanaí: 'Bhí bia maith, leapacha maithe againn agus tugadh sairse dhá uair nó trí huair sa tseachtain dúinn. Múineadh dúinn conas léamh agus caitheadh go maith linn i ngach slí.'

'An bhliain chéanna a d'éag mo mháthair, bhíos idir sé agus seacht mbliana d'aois, tháinig fear ag lorg roinnt printíseach paróiste. Ordaíodh dúinn uile dul isteach sa seomra boird, tuairim is daichead againn. Bhí, dar liom, timpeall fiche fear uasal ina suí ag bord, le pinn agus páipéar os a gcomhair. Glaodh ár n-ainmneacha ceann ar cheann. Bhíomar uile inár seasamh os a gcomhair i ró. Glaodh m'ainm agus sheasas amach i lár an tseomra.' Dúirt an fear 'Bhuel John, is buachaill breá thú, ar mhaith leat dul faoin tuath?' D'fhreagair sé: 'Ba mhaith'.

Tógadh Birley go Buxton in Derbyshire. 'Shroicheadar Buxton ag a ceathair a chlog tráthnóna Dé Sathairn. Bhí cairt chlúdaithe ag fanacht linn ansin. Chuamar go léir isteach, agus as go brách linn go dtí tigh na bprintíseach ag Litton Mill, timpeall sé mhíle ó Buxton. Stad an chairt agus mháirseálamar suas go dtí an tigh, mar a bhfacamar an máistir, a tháinig chun sinn a scrúdú agus thug orduithe cá gcuirfí sinn. Thugadar suipéar dúinn. Bhí an-ocras orainn, ach ní fhéadfaimis é a ithe. Arán coirce Derbyshire, nach raibh feicthe againn riamh roimhe sin. Bhí sé chomh searbh le fínéagar.'

Thuig John Birley go raibh sé ina phrintíseach anois ag Cressbrook Mill. 'An gnátham a d'oibríomar ná óna cúig ar maidin go naoi nó deich san oíche; agus an Satharn, go dtí aon déag, agus go minic meánoíche, agus ansin cuireadh sinn chun an t-innealra a ghlanadh an Domhnach. Níor lamháladh aon am don bhriceasta agus ní shuítear don dinnéar agus gan aon am don tae. Chuamar go dtí an muileann ag cúig a chlog agus d'oibríomar go dtí thart ar ocht nó naoi nuair a thugadar dúinn ár mbriceasta, leite-uisce, arán coirce agus oinniúin chun é a bhlaistiú. Is é a bhí sa dinnéar arán coirce Derbyshire gearrtha i gceithre pháosa agus in dhá stáca. Cuireadh im ar cheann agus triacla ar cheann eile. Le hais an aráin choirce bhí cannaí bainne. D'ólamar an bainne agus an t-arán coirce inár lámh againn, chuamar ar ais ag obair gan suí síos. D'oibríomar ansin go dtí na naoi nó deich san oíche nuair a stad an roth uisce. Stadamar ag obair, agus chuamar go tigh na bprintíseach, thart ar thrí chéad slat ón muileann. Tigh mór cloch ab ea é, timpeallaithe le falla, dhá nó trí shlat ar airde, le doras amháin, a coinníodh faoi ghlas. D'fhéadfadh idir céad agus caoga printíseach cóiríocht a fháil ann.'

Dála fhorhmór na bprintíseach, caitheadh go hainnis le Birley: 'Bhí cúigear mac ag Needham Uas., an máistir: Frank, Charles, Samuel, Robert agus John. Théadh na mic agus an maoirseoir, darbh ainm Swann, suas síos an muileann le bataí coill. Chrústáil Frank mé uair gur scanraigh sé é féin. Mheas sé gur mharaigh sé mé. Bhuail sé mé san uisinn agus leagadh mé gan mheabhair. Leag sé mé uair amháin agus bhagair bata orm. Chun mo cheann a shábháil d'ardaíos mo lámh, bhuail sé í ansin ar theann a dhíchill. Briseadh m'uillinn. Tá na marcanna orm agus braithim an phian inniu agus braithfeadh go deo fad a mhairfeadh.'

Chinn Birley Tigh na mBocht, Bethnal Green, a chur ar an eolas faoina chás: 'Bhíos meáite an chóireáil a fuairamar a chur in iúl don duine uasal ó pharóiste Bethnal Green; scríobhas litir le John Oats agus chuireas í in Oifig an Phoist Tydeswell. Osclaíodh agus tugadh í do Needham. Chrústáil sé sinn le cnaphata go dtí nár fhéadamar lámhacán. Tamall ina dhiaidh sin tháinig triúr uasal ó Londain. Ach sular scrúdaíodh sinn níodh agus glanadh sinn agus ordaíodh dúinn a rá leo gur mhaith linn oibriú sa mhuileann agus gur caitheadh go maith linn. Bhí Needham agus a chlann mhac sa



ÁRAS STAIR NA HEORPA

seomra um an dtaca sin. Chuireadar ceisteanna orainn faoinár gcóireáil, d'fhreagraíomar mar a dúradh linn, gan de dhánacht ionainn aon ní eile a dhéanamh, b'eol dúinn cad a tharlódh dá ndéarfaimis an fhírinne leo.'

I samhradh 1849 d'agail James Rayner Stephens John Birley. Foilsíodh cuntas John ar a shaol mar naí-oibrí ag Cressbrook Mill san *Ashton Chronicle* an 19 Bealtaine 1849.

2. [Fianaise cailín](#) 11 bhliain d'aois: in "les débuts de l'industrie", lch. 43, Fiosrúchán Choimisiún na Mianach (1842):

"Táim ag obair ag bun an mhianaigh le trí bliana thar ceann m'athar. Ní mór dom dul síos an poll ag a dó a chlog ar maidin agus tagaim aníos ag a haon nó a dó a chlog san iarnóin. Téim a chodladh ag a sé um thráthnóna chun bheith ábalta atosú an lá dár gcionn. Ag an áit sa mhianach ina mbím ag obair, tá fána géar ann. Le m'ualach, tá ceithre ardaitheoir nó dréimire le dreapadh agam sula sroichfidh mé príomhardán an mhianaigh. Is é a bhíonn le déanamh agam ná ceithre nó cúig vaigín, dhá chéad cileagram an ceann, a líonadh. Tá fiche turas le déanamh agam chun na cúig vaigín a líonadh. Nuair nach féidir liom, crústáiltear mé. Bíonn áthas orm agus an obair curtha díom agam, mar bím spíonta go hiomlán."

3. [Miontuairiscí Cigireachta](#) (cartlanna rannacha den Loire 88 M 21)

"I monarcha gloine an Uasail Irénée Laurent in Veauche, an 27 Iúil ar a 5 a chlog tráthnóna, tá Jean-Marie Januel, 8 mbliana d'aois, ag obair ar an bhfoireann sa seal oibre a thosaíonn ar a 4 a chlog agus a chríochnaíonn ag meán oíche ... is ainnis an scéal é nár fhreastail an leanbh seo ar aon scoil, ní raibh aon leabhar aige agus níor cláraíodh é ar an gclár saothair; cruthaíonn an méid sin gur d'aon ghnó a rinneadh iarracht an leanbh seo a bhaint dár ról cosanta". "An 9 Bealtaine 1891 ar a 2 a chlog ar maidin táimid cinnte go gceiltar leanaí orainn a oibríonn istoíche, chuamar isteach in áiléir a úsáidtear mar shuanlios, ina bhfuaireamar Joseph Granger, i bhfolach i leaba áit a raibh sé díreach tar éis léim isteach lena chuid éadaigh, hata agus bróga uime, agus an crúca ina lámh aige fós a úsáidtear chun snáitheanna an tseoil a aimsiú. Cheistíomar é, dúirt sé ar dtús nach raibh sé ag obair, go gcodlaíodh sé gléasta go hiomlán agus ansin ina dhiaidh sin os comhair an Uasail Perrichon féin, dúirt sé gur cuid den fhoireann oíche é a bhíonn ag obair ó mheán oíche go meán lae. Gan de dhánacht ionainn dul isteach i suanlios na gcailíní, stadamar den fhiosrúchán, agus sinn go mór den tuairim go raibh cailíní faoi aois faoi cheilt ann agus iad lánghléasta."



FOIREANN 3

William Dodd, Insint ar Thaithí agus Fhulaingt William Dodd, Mairtíneach Monarchan (1841)

Ag sé bliana d'aois bhíos i mo pháisire. Ní thuigfear dualgais an pháisire go soiléir mura mbeidh cur amach ar an meaisín chun snáth olla shníomh, ar a dtugtar billí. Is cosúil billí, meaisín, beagán le foirm litir H, taobh amháin do-aistrithe agus an taobh eile inaistrithe, agus is féidir é a dhúnadh faoin gcuid do-aistrithe, beagnach cosúil le drár taobh-bhoird; ritheann an chuid inaistrithe, nó carráiste, siar agus aniar, trí shé roth iarainn, ar thrí ráille iarainn, mar charráiste ar iarnród. Tá na fearsaidí sa charráiste seo, 70-100 a líon, a chasann roth amháin, atá faoi chúram an tsníomhaí. Agus an carráiste á thabhairt cóngarach faoi chuid dhúnta an mheaisín, is féidir leis fad áirithe cardála a fháil do gach fearsaid, abair 10 n-ortalach nó 12 ortalach, a tharraingíonn sé siar, agus a shníomhann ina snáth; ina dhiaidh sin, tochraiseann an snáth ar na fearsaidí, tugann an carráiste gar mar a rinneadh cheana, agus arís faigheann soláthar úr cardála.

Glacann an páisire an chardáil seo sa láimh chlé, thart ar fhichid ag an am. Coinníonn sé iad ceithre ortalach ó thaobh amháin, an taobh eile ar crochadh; tógann sé iad seo, ina láimh dheas, ceann ar cheann, chun iad a pháisáil, agus leagann taobhanna na cardála timpeall 2 ortalach thar a chéile, cuimlíonn sé iad le chéile ar an gcanbhás lena láimh réidh. Ní mór dó bheith ar fheabhas, chun an sníomhaí a sholáthar go cuí. Soláthróidh dea-pháisire ó 30-40 fearsaid le cardáil.

Is mór an méid cardála a théann trí mhéara páisire sa ló; is gá trí nó ceithre chuimilt do gach páisáil, in achar trí nó ceithre ortalach; scriosann síor-fhrithchuimilt na láimhe i gcumilt na páisála ar an rapar garbh an craiceann, agus tugann ar an méar a fhuiliú. Seasann an páisire i dtreo a chuid oibre lena chois dheas chun cinn, agus a thaobh deas os comhair an fhráma: gluaiseann sé, chun críche páisála, trí dhul feadh an fhráma i dtreo sleamhnáin, a thaobh deas a choinneáil de shíor os comhair an fhráma. Leanann sé air mar seo i rith an lae, agus a lámha, a chosa agus a shúile ag síorghluaiseacht. Is ríleir go mbíonn formhór mheáchan a choirp ar a ghlúin dheas, is é seo an chéad alt a ghéillfidh.

Is minic mé ag oibriú ag an bhfráma nó nach bhféadfainn dul abhaile, agus sa chruth seo stad daoine sa tsráid mé a chonaic mé agus mé ag scuabáil na gcos, agus chomhairlíodar dom gan oibriú níos mó sna monarchana; ach níor mo mháistir féin mé. I rith an lae, is minic a chomhaireas an clog, agus ríomhas cé mhéad uair an chloig ab éigean dom fanacht ag obair; chaithinn tráthnónta ag ullmhú don lá dar gcionn - mo ghlúine, mo rúitíní, m'uillinneacha, agus caolta mo lámhe a chuimilt le hola, etc. Théinn a chodladh ag gol, agus ag guí go nglacfadh an Tiarna mé chuige féin roimh mhaidin. [...]

Díchumadh mo chosa. Agus tú i do sheasamh sa tslí is éasca, do chosa thart ar 14 ortalach óna chéile, na glúine agus na ceathrúna ag brú ar a chéile, ionas go ndéanann na cosa saghas áirse chun do chorp a thacú. De dheasca na cosa a lúbadh agus a chuaradh téann na fuileadáin ar strae. Tromchúis a eascraíonn ó imshruthú neamhghoirfe na fola, ná go dtriomaíonn an smior sna cnámha. Lobhann na cnámha ansin.

In earrach 1840, mhothaíos roinnt airíonna pianmhara i mo rosta deas, a d'eascair ó laige ghinearálta m'alt, a thug na monarchana orm. Mhéadaigh ar an at agus ar an bpian; agus cé go raibh comhairle na liachleachtóirí agam, níorbh aon mhaith í; agus, tar éis dom a bheith dífhostaithe le tréimhse agus mo choigiltis ag trá, b'éigean dom dul isteach in St Thomas's Hospital mar ar tugadh cúram agus aire dom. Ba léir go luath do chách, go gcaithfinn, go han-luath, mo lámh nó mo shaol a chailleadh. Chuir máinlianna an ospidéal comhairliúchán ar siúl; thángadar ar an tuairim, go raibh gá gátarach le teascadh. An 18 Iúil, chuas faoi scian. Teascadh mo lámh díreach faoin uillinn. Cuireadh an plean seo chun éalú ón dearóile agus tigh na mbocht a sheachaint, ó rath agus ar ceal.



D'agail William Dodd John Reed, iarfhostaí de Richard Arkwright, ina leabhar *The Factory System: Illustrated* (1842)

Is fear óg díchumtha John Reed atá ina chónaí in Cromford. Seo a leanas a scéal atruach: ‘Chuas ag obair i monarcha cadáis Mhuintir Arkwright agus mé naoi mbliana d'aois. Ba bhuachaill breá láidir, sláintiúil, agus géagláidir mé an uair úd. Thuilleas 2s. sa tseachtain, tar éis dhá uair an chloig is seachtó a dhéanamh. Leanas orm ag obair sa mhonarcha seo go ceann deich mbliana, ardaíodh mo phá de réir a chéile go dtí go raibh 6s. 3d. sa tseachtain agam; ba é seo an buaicphá a fuair. craplaíodh mé de réir a chéile, go dtí ag naoi mbliana déag d'aois ní rabhas ábalta seasamh ag an meaisín, agus b'éigean dom éirí as. Thart ar 130 scilling an méid iomlán a thuilleas agus i gcomhair na suime sin deineadh mairtíneach ainnis díom, mar a fheiceann tú, agus chaith na daoine sin, a bhain brabach as mo shaothar, mé i dtraipisí gan phingin.’

Seo fear óg, a raibh téagarthacht i ndán dó, craplaíodh é i mbláth na hóige, agus a thnútháin uile imithe go hifreann! Is annamh a bhuaileas lena leithéid de mhairtíneach. Ní féidir leis seasamh gan bata i láimh amháin aige agus luí ar chathaoir leis an láimh eile; tá a chosa casta i ngach slí. Is geall le cuar i bhfoirm C a chorp óna bhaithis go dtí a ghlúine. Níl de dhánacht ann dul ó bhaile, dá bhféadfadh sé; bítear ag stánadh air. Tá sé ag foghlaim anois conas céadbhróga naíonán a dhéanamh, agus tá súil aige ar deireadh a bheith ábalta a bheatha a shaothrú mar seo.

Chuas ag siúlóid cúpla uair san áit álainn rómánsúil seo, agus chonac an caisleán taibhseach agus foirgnimh eile is le muintir Arkwright, ba léir dom an chodarsnacht i m'intinn idir an bhail atá anois ar an teaghlach saibhir agus dálaí uiríse a bhunaitheora i 1768. Bheifí ag súil go mbeadh taise éigin ag daoine a bhí tar éis an oiread sin saibhris agus oirrcis a shroicheadh do mhairtínigh bhochta. Más amhlaidh gur gá iad a chur ar a súile dóibh agus nár thugadar aird go dtí seo orthu, bheadh súil agus muinín agam go dtabharfaidís aird ar chás seo John Reed fós.



FOIREANN 4

1. Saolaíodh [David Bywater](#) in Leeds i 1815. D'agail Michael Sandler agus a Choiste den House of Commons Bywater an 13 Aibreán, 1832. Mhínigh sé cé chomh fada ab éigean dó oibriú: 'Thosaíomar ar a haon a chlog maidin Luain, agus ansin chuamar ar aghaidh go dtí ocht a chlog, am bricfeasta; ansin bhí leathuair an chloig againn; agus ansin leanamar orainn go dtí dó dhéag a chlog agus bhí leathuair an chloig againn le hól; ansin stadamar ag leathuair tar éis a haon déag i gcomhair bia agus dí ar feadh uair an chloig go leith ag meánoíche; agus ansin leanamar orainn arís go ham bricfeasta nuair a bhí leathuair an chloig againn; agus ansin leanamar orainn arís go dó dhéag a chlog, am dinnéir agus bhí uair an chloig againn; agus ansin stadamar ag a cúig a chlog arís iarnóin Dé Máirt ar feadh leathuair an chloig le hól; ansin leanamar orainn go dtí tar éis a haon déag, agus ansin chuireamar suas go dtína cúig a chlog maidin Dé Céadaoin.' Mhaígh Bywater gur thug seo díchumadh ar a chorp: 'Deineadh an-cham i mo ghlúine mé'.

Ceist: Cén aois tú nuair a thosaís ar obair oíche sa roinn galaithe?

Freagra: Bhíos beagnach ceithre bliana déag.

Ceist: An ndéarfadh tú leis an gcoiste seo cén saothar a sheasais nuair a cuireadh tú ag obair uaireanta fada?

Freagra: Thosaíomar ag a haon a chlog maidin Dé Luain, agus ansin chuamar ar aghaidh go dtí ocht a chlog, am bricfeasta; ansin bhí leathuair an chloig againn; agus ansin leanamar orainn go dtí dó dhéag a chlog agus bhí leathuair an chloig againn le hól; ansin stadamar ag leathuair tar éis a haon déag i gcomhair bia agus dí ar feadh uair an chloig go leith ag meán oíche; agus ansin leanamar orainn arís go ham bricfeasta nuair a bhí leathuair an chloig againn; agus ansin leanamar orainn arís go dó dhéag a chlog, am dinnéir agus bhí uair an chloig againn; agus ansin stadamar ag a cúig a chlog arís iarnóin Dé Máirt ar feadh leathuair an chloig le hól; ansin leanamar orainn go dtí tar éis a haon déag, agus ansin chuireamar suas go dtína cúig a chlog maidin Dé Céadaoin.

Ceist: An ndeachaigh tú abhaile ansin?

Freagra: Ní dheachaigh mé, chodlaíomar sa mhuilleann.

Ceist: Conas a chodlaíobhar sa mhuilleann?

Freagra: Bhaineamar dínn ár gcuid éadaigh uile, ach amháin ár léinte agus chuamar isteach sa chuid is teo den mhuilleann agus i measc an éadaigh is tirime a d'fhéadfaimis.

Ceist: Ar itheabhar bhur mbéilí agus sibh in bhur seasamh?

Freagra: D'itheamar, chuireamar ár gciseáin ar na boscaí.

Ceist: An raibh do ghéaga foirfe nuair a thugais faoin saothar fada agus iomarcach sin?

Freagra: Bhíodar.

Ceist: Cén éifeacht a bhí aige ar do ghéaga?

Freagra: Deineadh an-cham i mo ghlúine mé.

Ceist: Má dhiúltais uaireanta fada a oibriú agus murar theastaigh uait ach fad measartha ama amháin a oibriú, an gcoimeádfáí thú sa chás sin?

Freagra: Chaithfinn dul abhaile. Bheinn ar scor ar an bpointe.

Ceist: An bhfuairis aon fhaisnéis faoina mbeidh i ndán duit tar éis duit fianaise a thabhairt.

Freagra: Dúirt mo mhaoirseoir le mo dheartháir dá dtiocfainn go Londain nach bhfaighinn aon fhostaíocht níos mó, ná mo dheartháir ach oiread. Dúirt mo dheartháir nach raibh aon leigheas aige air; ach is dóigh liom an chéad uair a dhéanfaidh sé obair is lú leis go mbrisfidh sé é as an obair; mar má oibríonn tú i dteaghlach agus má dhéanann duine éagóir, ní mór don teaghlach ar fad imeacht.



ÁRAS STAIR NA HEORPA

2. Iníon séidire gloine ab ea [Sarah Carpenter](#). Nuair a bhí sí ocht mbliana d'aois d'éag a hathair agus b'éigean don teaghlach dul go Tigh na mBocht, Briostó. Mheabhraigh Sarah ina dhiaidh sin: 'Cuireadh mo dheartháir ó Thigh Bocht Bhriostó sa tslí chéanna le go leor páistí eile - ualaí cairte sa turas. Ní raibh a fhios ag mo mháthair cá raibh sé ar feadh dhá bhliain. Tógadh amach é i marbh na hoíche i ngan fhios di agus ní inseodh oifigigh an pharóiste di cá raibh sé.'

Cúpla bliain ina dhiaidh sin lean sí a deartháir chun oibriú in Cressbrook Mill: 'Arán coirce an gnáthbhia a d'itheamar. Bhí sé ramhar agus garbh. Cuireadh an t-arán coirce isteach i gcannaí. Doirteadh bainne agus uisce bruite isteach ann. Ba é seo ár mbricfeasta agus ár suipéar. Mar dhinnéar, tugadh píóg prátaí le beagán bagúin bhruite anseo is ansiúd, chomh ramhar le saill is ar éigean a d'fhéadfaimis é a ithe, cé go raibh go leor ocrais orainn chun aon ní a ithe. Níor bhlaiseamar tae ná im riamh. D'itheamar cáis agus arán donn uair sa bhliain. Níor tugadh ach trí bhéile sa ló dúinn cé gur éiríomar ag a cúig ar maidin agus gur oibríomar go dtína naoi san oíche.'

Bhí pionós sa mhúileann thar a bheith dian: 'Thomas Birks ab ainm don ardchardálaí; ach níor tugadh aon ainm eile air seachas Tom an Diabhal. Fíor-dhrochdhuine ab ea é – spreag an máistir é chun íde a thabhairt do gach duine, do na páistí go háirithe. Is minic a chonac éadach cailíní móra, seacht nó ocht mbliana déag d'aois, á tharraingt aníos aige, iad a chaitheamh thar a ghlúin agus ansin iad a lascadh lena láimh os comhair na bhfear agus na mbuachaillí araon. Bhí gach duine sceimhlithe roimhe. Ní lamháladh sé dúinn labhairt fiú. Thit sé go tuathalach uair agus bhí gliondar orainn. Ba mhian linn go n-éagfadh sé.'

Dhein cuid de na páistí iarracht teitheadh: 'Bhíomar de shíor faoi ghlas lasmuigh de thráth muilinn, ar eagla go dteitfeadh aon duine againn. Lá amháin fágadh an doras ar leathadh. Dúirt Charlotte Smith gur cheann feadhna í dá leanfadh an chuid eile í. Chuaigh sí amach ach níor lean duine í. Fuair an máistir amach faoi agus chuir fios uirthi. Bhí scian spólta ann a d'úsáid sé chun a ceann a lomadh. Ba bhéas leo folt aon duine a ghabfaí ag labhairt le haon duine de na leaideanna a bhearradh. B'uafásach mar phionós é an maolbhearradh seo. Chuir seo níos mó eagla orainn ná aon ní eile, óir tá cailíní bródúil as a gcuid gruaige.'

I samhradh 1849 d'agaill James Rayner Stephens Sarah Carpenter. Foilsíodh cuntas Sarah ar a saol mar oibrí linbh ag Cressbrook Mill san *Ashton Chronicle* an 23 Meitheamh 1849.



FOIREANN 5

SLEACHTA AS AN LEABHAR - A Memoir of Robert Blincoe (1828)

I samhradh 1799 scaip ráfla go mbeadh comhaontú ann idir na maoir séipéal, maoirseoirí Thigh Bocht San Pancras agus úinéir muilinn mhóir cadáis, in aice le Nottingham. Dúradh leis na páistí nuair a shroicheadar an muileann cadáis, go ndéanfaí daoine uaisle díobh: go n-íosfaidís mairteoil rósta agus maróg rísíní, go lamhálfáí dóibh marcaíocht ar chapaill a máistrí agus go mbeadh uaireadóirí airgid agus neart airgid ina bpócaí acu. I Lúnasa 1799, deineadh printísigh pharóiste d'ochtó buachaill agus cailín, a bhí seacht mbliana d'aois nó a measadh a bheith san aois sin, go dtí go mbeadh bliain is fiche d'aois slánaithe acu. [...]

Tugadh na strainséirí óga isteach i seomra mór ina raibh boird fhada, chaola agus binsí adhmaid. Ordaíodh siad dóibh suí chun boird - na buachaillí agus na cailíní scartha óna chéile. Leagadh suipéar leite leamhnachta os a gcomhair ar a raibh cuma an-ghorm! Deineadh an t-arán i bpáirt de sheagal, an-dubh, agus chomh bog sin, is ar éigean a d'fhéadfaidís é a shlogadh toisc gur ghreamaigh sé dá bhfiacra. Cá bhfuil ár mairteoil rósta agus maróg rísíní, a dúirt sé leis féin.

Tháinig na printísigh ón muileann. Ní raibh um na buachaillí ach léine agus bríste. Bhí a léinte garbha oscailte go hiomlán ag an muineál, agus ba chosúil nár cíoradh a gcuid gruaige riamh! Bhí na cailíní, dála na mbuachaillí, stríoctha de bhróga agus de stocaí. Nuair a tháingadar isteach, d'fhéach cuid de na seanphrintísigh ar na strainséirí; ach lorg a bhformhór a suipéar ar dtús, ina raibh prátaí nua, a dáileadh ag an gcomhla dorais, a d'oscail isteach sa seomra coiteann ón gcistin.

Ní raibh aon éadach ar na boird, a raibh taithí ag na daoine nua ó thigh na mbocht - gan phlátaí, sceana ná foirc. Nuair a tugadh comhartha ar leith, thug na printísigh rúchladh ar an doras agus fuair gach duine mar a dhein sé a shlí, a chuid, agus d'fhill ar a áit ag an mbord. Gheit Blincoe nuair a chonaic sé na buachaillí agus cuid tosaigh dá léinte tarraingthe amach acu agus á coimeád suas lena dhá láimh, fuairadar na prátaí bruite teo dá suipéar. Choimeád na cailíní, ar shlí dhiscreideach, suas a naprúin shalacha, ghréisceacha, a bhí sáithithe le gréisc agus salachar; tar éis dóibh a gcion a fháil, ghreadadar leo chomh tapa is a d'fhéadfaidís, ar ais chun boird, mar ar alp gach printíseach, le goile géar, a gcion, agus an chuma orthu go raibh níos mó á lorg acu. Ansin, rith an criú ocrasach go boird na ndaoine nua, agus d'alpadar go hamplach gach screamh aráin agus gach braon leitean a d'fhágadar. [...]

Bhí seomra Blincoe agus roinnt buachaillí suas dhá staighre. Saghas cruibeanna ab ea na leapacha, a tógadh i sraith dhúbailte mórthimpeall an tseomra. Chodail beirt phrintíseach i ngach leaba. Ghlaoigh an gobharnóir chuige na strainséirí agus leithdháil ar gach duine a leaba agus a chomhpháirtí, gan ligean d'aon bheirt de na háitritheoirí nua codladh le chéile. Léim comrádaí Blincoe go lúfar isteach ina áit agus gan paidir a rá ná aon ní eile, thit ina chodladh sula bhféadfadh Blincoe a éadaí a bhaint de féin. Tar éis dó téaltú isteach ina leaba, ba bheag nár chuir bréantas éadaí olacha agus gréisceacha a chomrádaí codlataigh, cacamas air. [...]

Sannadh seomra do Blincoe, ar a raibh fear darbh ainm Smith i gceannas. An chéad chúram a tugadh dó ná an cadás scaoilte a thit ar an urlár a phiocadh suas. De réir dealraimh, obair gan stró é seo, agus chuir sé chuici le dúthracht, cé go raibh sé sceimhlithe ag gluaiseacht ghuaireála agus torann an innealra agus bhí sé cráite ag an deannach agus ag an múchán a leathphlúch é. Gan taithí aige ar an mbréantas, ní fada gur bhraith sé breoite agus de dheasca an tsíorchromtha bhí cráphian aige ina dhroim. Ghlac Blincoe, mar sin, air féin suí síos; ach bhí cosc iomlán ar an dearcadh seo, rud a thuig



ÁRAS STAIR NA HEORPA

sé go luath, i muilte cadáis. Dúirt Smith, a mháistir, leis go gcaithfeadh sé fanacht ina sheasamh. Dhein sé amhlaidh, go dtí dó dhéag a chlog, is é sin sé huaire an chloig go leith gan aon sos.

Tar éis do Blincoe a bheith fostaithe mar sin, tugadh ardú céime dó go castóir fáin fostaíocht níos tábhachtaí. Toisc é a bheith ró-íseal chun a chuid oibre a shroicheadh agus é ina sheasamh ar an urlár, cuireadh é ar bhloc. Ní raibh aon slí ann go bhféadfadh sé coinneáil suas leis an innealra. Dhearbhaigh an leanbh bocht in aisce nach raibh sé ar a chumas bogadh níos tapúla. Bhatráil a mhaoirseoir é go dian. Dála na bprintíseach eile, bhí Blincoe ag brath go hiomlán ar thrócaire na maoirseoirí, dar leis gur bithiúnaigh bhrúidiúla, fhiachmhara neamhliteartha iad. Ghearán Blincoe le Baker Uas., an bainisteoir, agus ní dúirt sé ach: ‘dein do chuid oibre go maith, agus ní bhuailefear thú’. Bhí méid áirithe oibre le cur i gcrích ag an maoirseoir a bhí i gceannas air in am ar leith. Murar dhein gach leanbh a chúram leithroinnta, chuirfí an milleán ar an maoirseoir agus bhrisfí as as a phost é.

D'oibrigh gabha darbh ainm William Palfrey, a raibh cónaí air in Litton, i seomra faoin áit a raibh Blincoe fostaithe. Bhíodh sé an-suaite ó bhéicíl agus éamh na mbuachaillí. Dar le Blincoe go ritheadh fuil leanaí go minic ó urlár uachtair go hurlár íochtarach. Gan a bheith ábalta béicíl na leanaí a sheasamh, chnagadh Palfrey an t-urlár chomh tréan sin go gcuirfeadh sé na boird suas agus ghlaodh sé amach ‘mo náire sibh! an bhfuil na leanaí á ndúnmharú agaibh?’ Tríd an sórt iompair seo, stad an gabha trócaireach cruáil na maoirseoirí brúidiúla, chomh fada agus a bhí sé ina shiopa; ach théadh sé abhaile ag a seacht a chlog agus a luaithe a thuig Woodward, Merrick agus Charnock go raibh Palfrey imithe, bhatrálaidís na printísigh go hainmheasartha. [...]

Bhí cailín darbh ainm Mary Richards, a measadh an-dathúil nuair a d'fhág sí tigh na mbocht, agus nach raibh deich mbliana d'aois fós, ag tindeáil ar fhráma líníochta, bhí seafta cothrománach troigh ón urlár faoina bhun a chas na frámaí thuas. Tharla sé tráthnóna amháin gur ghabh an seafta a naprún. Ar an toirt tharraing fórsa dhochoiscthe an cailín bocht agus buaileadh í ar an urlár. Lig sí béicíl choscraich! Rith Blincoe ina leith mar a bhfaca sé radharc uafásach. Chonaic sé í casta timpeall is timpeall leis an seafta – chuala sé cnámha a harm, a cos, a ceathrún, etc. á réabadh, á mbrú, ina smidiríní mar a rothlaigh an t-innealra í timpeall, agus tharraing a corp níos dlúithe laistigh de na hoibreacha, scaipeadh a cuid fola ar an bhfráma agus shruthaigh sí ar an urlár, ba chosúil gur réabadh a ceann ina smidiríní, ar deireadh, dingeadh a corp coscartha chomh tapaidh sin, idir na seaftaí agus an t-urlár, gur stad sé an príomhsheafta toisc an t-uisce a bheith íseal agus na rothaí a bheith as fearas. Nuair a fuasclaíodh í, is amhlaidh a bhí gach cnámh briste – a ceann brúite go huafásach. Iompraíodh í gan anam.